



Cód Iompair - Pobalscoil Chorca Dhuibhne



Réasúnú

- Faoin Acht Oideachais 1998 tá dualgas ar gach scoil Cód Iompair a bheith aici agus athbhreithniú rialta a dhéanamh air.
- Ag eascairt ó Ráiteas Misin na Scoile tá dualgas orainn oideachas a chur ar fáil i dtimpeallacht aireach, ómósach a chothaíonn luachanna Críostúla le meas ar an duine féin, ar an gcultúr, ar an oidhreacht, ar an teanga agus ar an timpeallacht.
- Chun cuidiú le réachtáil laethúil, éifeachtach na scoile.

Is í aidhm an chóid iompair ná treoirlínte a leagadh síos do phobal uile na scoile ionas go mbeidh:

- Gach ball de phobal na scoile ábalta a bheith freagrach as a c(h)uid iompair féin agus é/í féin a smachtú.
- Meas a bheith ag cách ar chearta daoine.
- Caidreamh láidir sláintiúil dearfach a bheith ann idir baill na scoile.

Tá cód iompair na scoile bunaithe ar na prionsabail thíos:

Cuspóirí

- Timpeallacht dhearfach, shábháilte a chruthú don teagasc agus don fhoghlaim.
- Atmaisféar a chruthú a spreagann agus a threisiónn dea-iompar.
- Mic léinn a spreagadh le freagracht phearsanta a ghlacadh as a bhfoghlaim agus a n-iompar féin.
- Cabhrú le daoine óga teacht in inmhe mar shaoránaigh fhreagracha rannpháirteacha.
- Caidrimh dhearfacha chomh-mhuiníne agus chomhthacaíochta a chothú idir mic léinn, baill foirne agus tuismitheoirí.

Chun na cuspóirí sin a chur i gcrích go héifeachtach, táimid aontaithe ar na rialacha seo a leanas:

An Ghaeilge

Is scoil Ghaeltachta sinn. Táthar ag súil go labhróidh gach duine Gaeilge sa tseomra ranga, le foireann na hoifige, eatarthu féin sa scoil agus ag imeachtaí iar-churaclaim na scoile. Tógaimid ceann, áfach, don socrú comhaontaithe sínithe ag an Ard-Chúirt ar an 9 Iúil 2009 maidir le daltaí ar bheagán Gaeilge chun a bheith rannpháirteach in imeachtaí go hiomlán trí Ghaeilge.

Poncúlacht

- Tá dualgas ar gach dalta a bheith i láthair sa tseomra ranga ag 8.55 r.n. agus 1.55 i.n.
- Tosaíonn ranganna ag a 9.00 r.n. ar maidin agus ag 2.00 i.n. tráthnóna.
- Tá ar gach dalta bheith in am do gach rang.
- Beidh nóta mínithe ag dalta chun an chúis go bhfuil siad déanach a mhíniú agus ní mór dóibh Aip na scoile a úsáid agus a chomhlíonadh.
- I rith an lae, caithfidh daltaí imeacht díreach ó rang amháin go dtí an chéad rang eile, gan stad ag leithris, taisceadáin nó ag aon áit eile. Is féidir dul go dtí na leithris agus na taisceadáin roimh 9.00, ag am sosa (11.00-11.15) agus am lóin (1.15-2.00). I gcás práinne, is féidir dul go dtí na leithris nó na taisceadáin ag tosach an ranga le cead ón múinteoir sa tseomra ranga.

“Ar Coimeád” tráthnóna Déardaoin do dhaltaí atá déanach go rialta i rith na seachtaine, tar éis é a phlé leo, agus mar shocrú ag an Oide Bliana.

Tinreamh

- Tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfreastalódh daltaí ar an scoil gach lá ionas go mbainfidís barr a maitheasa amach.
- Comhlíonfar dualgas dlíthiúil na tíre (An tAcht Oideachais) maidir le hasláithreacht neamh-mhínithe, agus déanfar tuairisciú dá réir go Tusla mar is dual dúinn.
- Caithfidh an dalta nóta mínithe faoin asláithreacht, sínithe ag an tuismitheoir/caomhnóir, a chur ar Aip na scoile de réir mar is cuí.
- Níl cead ag daltaí an scoil a fhágáil i rith an lae ach ar chúiseanna eisceachtúla, tar éis nóta mínithe tríd Aip na scoile, sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir. Caifear síniú isteach/amach ag an oifig.
- Moltar do dhaltaí atá breoite fanacht age baile.

Iompar

“Is iad meas, cúirtéis agus dea-bhéasa slat tomhais na scoile”

- Caithfidh daltaí meas a bheith acu ar agus bheith dea-bhéasach le pobal na scoile i gcónaí.
- Beifear ag súil go ndéanfaidh daltaí comhoibriú iomlán leis an bhfoireann ar fad i gcónaí.
- Ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de, tá sé riachtanach go leanfadh daltaí treoracha na foirne.
- Tá cosc iomlán ar dhroch-chaint tharcaisniúil.
- Níl sé de chead ag aon dalta dea-ainm Phobalscoil Chorca Dhuibhne a mhilleadh. Tá dea-iompar riachtanach i rith an lae scoile, ag teacht ar scoil agus ag imeacht ón scoil.
- Ní ghlacfar le gairbhe d’aon saghas.
- Meabhraítear do dhaltaí go bhfuil córas CCTV sa scoil, ar bhonn, agus ar mhaithe le, Sláinte agus Sábháilteacht pobal uile na scoile.
- Níl sé de chead ag aon dalta aon chur isteach a dhéanamh ar aon ní a bhaineann le dalta eile.
- Tá gach dalta freagrach as a chuid fearaistí pearsanta. Ní ghlacann an scoil aon fhreagracht as fearaistí a chailltear ar scoil. Tá taisceadán curtha ar fáil do gach dalta chun tacú leis seo.
- Bruscar – Caithfidh na daltaí na boscaí bruscair ar fud na scoile a úsáid. Iarrtar agus spreagtar pobal na scoile meas a léiriú i gcónaí ar a dtimpeallacht.
- Caithfear an Dialann Scoile a bheith i seilbh an dalta i gcónaí ar scoil. Is Cuid lárnach do fhéin-bhainistiú an dalta í an dialann scoile, chomh maith le modh caidrimh idir an múinteoir ábhair agus an baile.

Iompar sa tSeomra Ranga

- Is áit foghlama é an Seomra Ranga agus beifear ag súil le dea-iompar ann i gcónaí.
- Tá sé de cheart ag gach dalta foghlaim sa tseomra ranga gan cur isteach ó aon duine eile.
- Tá sé de cheart ag múinteoir múineadh sa tseomra ranga gan cur isteach ó aon duine.
- Ba chóir don dalta cloí le rialacha speisialta an tseomra ranga.
- Ag tosach na bliana, míneoidh na múinteoirí rialacha ranga do na daltaí ar fad.

Éide Scoile

Ba cheart an Éide Scoile a chaitheamh le mórtas i gcónaí, tagann sé le féiniúlacht agus sprid na gcomhoibrithe atá mar bhunchloch ag Pobalscoil Chorca Dhuibhne.

Éide Scoile Oifigiúil:

Sciorta gorm nó Bríste liath

Geansaí gorm na scoile

Blús bán nó léine bhán scoile

T-Léine bhán (laistigh)

Riteoga (tights) / stocaí dubha

Bróga dubha scoile

Éide Spóirt

Bróga reatha

Brístí gearra/bun culaith reatha

Léine Polo/Geansaí spóirt

- Caithfear an éide scoile a chaitheamh go néata agus go hiomlán i gcónaí. Caithfear sciortaí a chaitheamh síos go dtí na glúine.
- Níl cead ach an éide scoile amháin a chaitheamh i bhfoirgneamh na scoile.
- Níl seaicéad ar bith ceadaithe sa tseomra ranga. Aon chasóga nó geansaithe nach mbaineann leis an éide scoile tóghfar iad agus coimeádfar san oifig iad go dtí tráthnóna.
- Caithfear an éide scoile a chaitheamh le linn scrúduithe scoile.
- Ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de, níl sé ceadaithe seodra a chaitheamh sna ranganna Corpoideachais.
- Tá sé riachtanach go mbeadh Éide Corpoideachais ag gach dalta agus ní cheadófar dóibh páirt a ghlacadh i gcluichí sa Halla Spóirt muna mbíonn éide chuí acu.

- Táthar ag siúl go nglacfaidh gach dalta páirt sa Chorpoideachas. Ní mór nóta sínithe ón Tuismitheoir/Caomhnóir a thabhairt don mhúinteoir murar féidir le dalta páirt a ghlacadh sa Chorpoideachas.
- Nuair atá ócáidí iar-churaclaim ar siúl agus daltaí ag fágáil na scoile go luath caithfear éide scoile nó culaith reatha na scoile a chaitheamh.

Áiseanna agus Trealamh na Scoile

Ní mór do na daltaí meas a bheith acu ar Áiseanna agus Trealamh na scoile. Tá cosc iomlán ar ghraifítí, ar scríobh ar fhoirgneamh nó ar threalamh na scoile.

Níl cead ag aon duine cur isteach ar áiseanna slándála.

Polasaí Frithbhulaíochta

Tá sé de cheart ag daltaí freastal ar scoil i dtimpeallacht chairdiúil, thacúil, deimhniúil agus shábháilte gan aon bhulaíocht.

Tá an scoil go láidir i gcoinne aon saghas bulaíochta is cuma:

- Ionsaithe fisiceacha
- Ó bhéal
- Sligdhíbirt
- Damáiste do mhaoin nó gadaíocht

Ba chóir do dhaltaí tacaíocht a thabhairt dá chéile agus eolas ar bhulaíocht a thabhairt do mhúinteoir ar bith. Glacfar le gach eolas go rúnda.

Tá Polasaí Frithbhulaíochta na Scoile ar fáil sa scoil agus ar suíomh idirlíon na scoile.

Guma Coganta

Déanann guma coganta damáiste do thimpeallacht na scoile, mar sin – Tá cosc iomlán ar ghuma coganta.

Cuirfear daltaí “ar coimeád” tráthnóna Déardaoin má bheirtear orthu le guma coganta.

Fón Póca - Córas *Yondr*

Táimid ar fad buíoch as na buntáistí a bhaineann leis an bhfón cliste ach tuigimid ar fad na dúshláin agus na dainséir a bhaineann leis. Chuige sin, táimid ag iarraidh timpeallacht saor ó ghutháin a chur i bhfeidhm i bPobalscoil Chorca Dhuibhne.

Tabharfar sparán *Yondr* do gach dalta. Íocfaidh siad éarlais a thabharfar thar n-ais dóibh arís ag deireadh na scoilbhliana, chomh fada is go mbeidh dea-chaoi ar an sparán. Tá táille cíosa le hÍoc gach bliain chomh maith.

Chomh luath is a bheidh na daltaí istigh ar scoil, múchfaidh siad an fón, cuirfidh siad isteach sa sparán é agus dúnfaidh siad é. Beidh siad fós ábalta an fón a bheith ina seilbh acu (istigh sa sparán) an t-am ar fad.

Má bhíonn sé ag teastáil sa tseomra ranga ar chúiseanna oideachais, féadfaidh siad an fón a úsáid faoi threoir an mhúinteora.

Féadfaidh siad an sparán a oscailt agus iad ag dul síos faoin mbaile am lóin agus arís agus iad ag dul abhaile tráthnóna.

Más gá teagmháil a dhéanamh le dalta i gcás éigeandála, cuir glaoch ar an oifig, le do thoil. Mar an gcéanna, sa chás go gcaithfeadh daltaí teagmháil a dhéanamh leis an mbaile, ba cheart dóibh an guthán san oifig a úsáid.

Iarmhairtí *Yondr* – féach Aguisín 1 níos déanaí.

Tá cosc iomlán freisin ar uirlisí taifeadta, stereo pearsanta, MP3, iPod, raidió pearsanta i rith an lae scoile.

Tobac/ toitín

Is substaint bhaolach é an tobac a dhéanann an-damáiste do shláinte an duine. Mar sin, tá cosc iomlán ar chaitheamh tobac nó vápáil i rith an lae scoile agus ag imeachtaí scoile.

Deochanna Meisciúla agus Substaintí Andúileacha

Tá sé riachtanach do gach dalta an dlí a choimeád maidir le cosc ar dheochanna meisciúla agus ar dhrugaí. Beifear ag súil le tacaíocht iomlán ó thuismitheoirí maidir leis an dlí seo a chomhlíonadh agus moltar do thuismitheoirí a bheith aireach i gcónaí.

Táimid ag súil le hard chaighdeán iompair ónar ndaltaí i gconaí, cuma imeachtaí scoile, turasanna eagraithe nó eile, agus go mbeidh siad mar shár-ambasadóirí óga do Phobalscoil Chorca Dhuibhne i gcónaí.

Tá cosc iomlán ar Dheochanna Meisciúla agus ar Shubstaintí Andúileacha eile.

Gluaisteáin/Gluaisrothair

Níl cead ag dalta gluaisteán/gluaisrothar a thiomáint in áitreabh na scoile ag am ar bith, ar chúis ar bith.

Obair Bhaile

Is gné fíor-thábhachtach é an obair bhaile sa phróiseas foghlama do dhaltaí. Beifear ag siúl go mbeidh an obair bhaile déanta go cruinn agus go hiomlán ag gach dalta.

Tá obair scríofa, obair teanga agus léitheoireacht i gceist le hobair bhaile.

Tá polasaí na scoile i leith obair bhaile ar fáil sa scoil agus ar shuíomh gréasáin na scoile.

Dialann Scoile

Is nasc luachmhar í an dialann scoile idir an baile agus an scoil agus moltar dá réir do na tuismitheoirí/caomhnóirí an dialann seo a scrúdú gach seachtain le linn an téarma scoile, agus é shíniú nuair a iarrtar san.

Tá sé de dhualgas ar gach dalta an dialann a bheith ina s(h)eilbh aige/aici gach lá ar scoil. Ní dialann pearsanta é seo agus mar sin, níor cheart ach nótaí scoile a scríobh ann.

Is éard atá i gceist leis an Dialann seo ná:

- Dialann Obair Bhaile
- Nótaí ó thuismitheoirí/caomhnóirí ag tabhairt cead i scríbhinn ar ócáidí ar leith.
- Nótaí ó mhúinteoirí do thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le tinreamh, poncúlacht, iompar agus dul chun cinn an dalta. Beifear ag súil leis an nóta sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir an lá dár gcionn.

Aguisín 1

Iarmhairtí Iompair

Dea-Iompar

Anseo thíos tá samplaí de dhea-iompar agus de na hiarmhairtí a d'fhéadfadh éirí astu. Ní liosta iomlán é agus is féidir cur leis nó baint uaidh de réir mar is gá.

Dea-iompar (go laethúil) <ul style="list-style-type: none">- poncúlacht- éide scoile- obair bhaile- comhoibriú	<ul style="list-style-type: none">• An dalta a mholadh• Nóta sa dialann• An dalta a ligean saor ó obair bhaile
Dea-iompar (go leanúnach) <ul style="list-style-type: none">- na pointí thuas- daoine gan nóta gearáin ar bith- duine atá tar éis feabhsú Aitheantas míosúil	<ul style="list-style-type: none">• Mar atá thuas• “Teastas” a chur abhaile go dtí tuismitheoirí
Tuairisc na Nollag	<ul style="list-style-type: none">• Tuairisc bhreise ar:<ul style="list-style-type: none">-poncúlacht-éide scoile-obair bhaile-tinreamh ranga
Aitheantas don rang ar fad <ul style="list-style-type: none">-An rang sóisir leis na bileoga buí/gearánta is lú gach téarma- comhoibriú ar leith ón ngrúpa ranga	<ul style="list-style-type: none">• Duais ar leith don rang• Imeacht ar leith don rang

<p>Duaiseanna Dheireadh na Bliana</p> <ul style="list-style-type: none"> - aitheantas a thabhairt do scoláirí go bhfuil déanta go maith acu i rith na bliana go léir - Dalta an Ranga, Gaeilge, comhoibriú, tinreamh agus duaiseanna d'imeachtaí iar-churaclaim 	<ul style="list-style-type: none"> • Duaiseanna indibhidiúla
<p>Athbhreithniú ar Chóras na gCeannairí</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Dualgais/pribhléidí a bhaineann leis • Ceannairí spóirt etc. le dualgais speisialta

Iarmhairtí Yondr

Chun cabhrú linn cultúr saor ón bhfón póca a bhunú, beidh pionóis i gceist nuair a sháraítear na rialacha. I measc na rudaí a thuillfeadh pionós tá seanfón a chur sa sparán, gan an fón a chur ar an mód ciúin, ag úsáid uaireadóir cliste agus ‘dearúd a dhéanamh’ ar an sparán sa bhaile.

Céim 1. Fágfaidh an dalta an fón san oifig óna 09:00 – 16:00 ar feadh seachtaine.

Céim 2. Fágfaidh an dalta an fón san oifig óna 09:00 – 16:00 ar feadh coicíse.

Céim 3. Fágfaidh an dalta an fón san oifig óna 09:00 – 16:00 ar feadh coicíse. Ag an staid seo caithfidh tuismitheoir / caomhnóir an fón a bhailiú gach tráthnóna ar a 16:00.

Déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí ag gach céim.

Má theastaíonn ón dalta an fón a fhágaint age baile caithfidh an dalta agus an tuismitheoir foirm dá réir a shíniú atá le fáil ón scoil. Má bhíonn an fón ag an dalta ar scoil tar éis dóibh an fhoirm seo a shíniú coimeádfear an fón san oifig ar feadh cúig lá scoile.

Má tá dalta ann nach dtugann fón ar scoil riamh, caithfear an scoil a chur ar an eolas trí foirm dá réir a bheith sínithe ag an tuismitheoir agus ag an dalta. Muna gcloítear leis an ngealltanais seo coimeádfear an fón san oifig ar feadh cúig lá.

Iompar mí-oiriúnach / míshásúil

Anseo thíos tá samplaí de mhí-iompar agus na hiarmhairtí a d’fhéadfadh éirí astu. Ní liosta iomlán é agus is féidir cur leis nó baint uaidh de réir mar is gá.

Mionsárúithe

- Gan teacht le cur chuige an ranga
- A bheith déanach don rang
- A bheith ag caint, ag scríobh nó ag cur nótaí le linn an ranga i slí nach dtagann le plean an ranga.
- A bheith ag béicigh nó ag labhairt as a s(h)eal
- A bheith gan obair bhaile, nó bheith ag cóipeáil obair bhaile
- A bheith ag ithe nó ag ól i rith an ranga
- A bheith gan na leabhair chearta/ an trealamh ceart don rang
- A bheith gan éide chorpoideachais don rang corpoideachais
- Ag caitheamh seodra le linn rang Corpoideachais
- Gan an éide scoile ceart iomlán a bheith á caitheamh

Iarmhairtí Iompair

- ❖ An dalta a cheartú ó bhéal
- ❖ An dalta a athrú go suíochán eile
- ❖ Nóta a chur sa dialann
- ❖ Teachtaireacht a chur abhaile sa Dialann nó tríd an Aip Scoile

Meánsárúithe

- Aon athdhéanamh leanúnach nó dianseasmhach ar na mionsárúithe faoi mar atá leagtha amach thuas
- Gan míniú sásúil a thabhairt ar asláithreacht
- Gan nóta mínithe a sheoladh chuig anoifig (don chomhad) ar asláithreacht atá beartaithe
- Gan bheith in ann dialann scoile a thabhairt do mhúinteoir nuair a lorgáítear é
- Gan síniú isteach ar maidin nuair a bhíothas déanach, nó gan síniú amach ag fágaint na scoile le haghaidh coinne dochtúra, fiaclóra nó ar aon chúis eile.
- Iompar garbh, gleoiréiseach, míbhéasach, maslach nó drochmheasúil
- Úsáid teanga ghránna sa chaint nó i scríobh
- Graifítí nó aon mhiondamáiste do mhaoin na scoile nó do mhaoin duine ar bith
- Cur isteach leanúnach ar an rang in ainneoin rabhadh ó bhéal
- Mí-úsáid dialann na scoile m.sh. do nótaí pearsanta nó tráchtanna nó teachtaireachtaí gránna
- Úsáid fón póca am ar bith in áitreabh na scoile
- Úsáid CD, iPod, MP3 nó aon ghairesas dá leithéid i rith an ranga, i rith staidéir nó ag scrúduithe
- Aon rud a bheith i seilbh an dalta a chúiseodh gortú nó damáiste

- Gan na nósanna imeachta a bhaineann leis an seomra ranga a choimeád néata agus glan ó bhruscar a leanúint
- Úsáid guma coganta toisc gur féidir damáiste a dhéanamh d'éadaí, do throscaín agus do dhromchlaí urlár, leis.

Iarmhairtí

- labhairt leis an dalta
- obair bhreise a thabhairt don dalta
- bileog bhuí a líonadh
- Foirm 4 C a líonadh
- an dalta a chur “ar coimeád” am lóin nó Déardaoin mar is cuí
- “Cárta Feabhais Iompair”
- teagmháil le tuismitheoirí
- dalta a choimeád ó imeachtaí scoile
- dalta a choimeád amach ó ranganna (In House Suspension)
- tuismitheoirí a thabhairt isteach
- plé leis an bPríomhoide Tánaisteach/Príomhoide
- 2 stampa déanach nó éide scoile “ar coimeád” Déardaoin

Sáruihte Tromchúiseacha

- ❖ Nótaí nó sínithe bréige tuismitheora
- ❖ Glaoch gutháin ag ligean air/uirthi gurb ón tuismitheoir/caomhnóir a tháinig sé, nó ag socrú go ndéanfaí a leithéid de ghlaoch
- ❖ Caimiléireacht nó cóipeáil i scrúdú
- ❖ Ag scipeáil scoile/ ranga nó ag fágáil na scoile/an ranga gan chead i rith an lae scoile
- ❖ Ag déanamh ráitis chiníocha
- ❖ Ag insint bréaga do mhúinteoir/ag cur ama an mhúinteora amú ag iarraidh teacht ar an bhfrinne
- ❖ Gan glacadh le rialacha sábháilteachta le linn druile práinne, nó le haon treoir réasúnta ó mhúinteoir
- ❖ Béicigh ar /ag aisfhreagairt / ag taispeáint drochmheasa do bhall foirne, ó bhéal nó le meon nó geáitse
- ❖ Ag tabhairt dúshláin d'údarás mhúinteora le linn dó/di iompar míchuí a cheartú nó bannaí a chur i bhfeidhm
- ❖ Ag lot/mórdhamáiste nó cur isteach ar aon chuid de mhaoin na scoile nó de mhaoin duine ar bith
- ❖ Sealbhú nó úsáid thoitíní, lastóir nó lasáin

Iarmhairtí

- Mar thuas
- Obair phobail (laistigh de phobal na scoile mar dheis aisíoctha)
- Cailliúint pribhléidí ar feadh tréimhse ama mar aon le bannaí eile

- Fionraíocht. Tá an polasaí fionraíochta ar fáil sa scoil.

Sáruihte thar a bheith tromchúiseach

- ✓ Bulaíocht, imeaglú nó ciapadh d'aon sórt; fóin phóca, teachtaireachtaí gutha nó téacs, suímh idirlín etc. san áireamh
- ✓ Úsáid gairis le cumas fótagrafach nó taifid agus gur féidir iad a scaipeadh, ag déanamh ionsaí ar phríobháideacht duine nó go bhfuil an poitéinseal ann bulaíocht, imeagla nó ciapadh a dhéanamh.
- ✓ Foréigean fisiceach nó forrán
- ✓ Goid
- ✓ Seilbh nó úsáid alcóil nó alcól a chur ar fáil do dhuine (dhaoine) eile le linn dó (dóibh) bheith ar scoil nó ag imeachtaí scoile
- ✓ Seilbh nó úsáid aon substaint/fearas mídhleathach eile ar scoil nó ag imeachtaí scoile
- ✓ Cur isteach ar an gcóras aláráim dóiteáin nó ar mhúchtóirí tine nó aon fhearas slándála

Iarmhairtí

- Mar thuas agus
- Athchur maoine a goideadh nó gur rinneadh damáiste dó
- Íocaíocht chúitimh
- Freagrachtaí a bhí ar an dalta a bhaint dóibh
- Laethanta in obair phobail
- Má úsáidtear gaireas le cumas fótagrafach, coigisteofar é agus ní bheidh fáil air go deireadh na scoilbhliana/trí mhí (agus d'fhéadfaí bannaí eile a chur i bhfeidhm chomh maith.
- Fionraíocht
- Díbirt

Dalta a dhíbirt ón scoil

I gcásanna mí-iompar fíor-eisceachtúla is féidir go ndéanfaí dalta a dhíbirt ón scoil le húdarás Bhord Bainistíochta na scoile. Tá polasaí díbeartha ar fáil sa scoil.



Pobalscoil Chorca Dhuibhne - Code of Behaviour



Reasoning

- Under the Education Act 1998 every school is obliged to have a Code of Behaviour and to review it regularly
- Arising from our School Mission Statement, we have an obligation to provide an education for our students in a mindful, respectful atmosphere which cultivates Christian values and respect for oneself and others, our culture, heritage, language and environment.
- To aid the effective daily running of the school

The aim of the Code of Behaviour is to provide guidelines for the whole school community so that:

- Each member of the school community is able to accept responsibility for his/her own behaviour and to exercise self-control
- Everyone respects the rights of others
- A strong, healthy relationship is cultivated between the members of the school community

The school's Code of Behaviour is based on the following principles:

Objectives

- To create a positive and safe environment for teaching and learning
- To create an atmosphere that encourages and reinforces good behaviour
- To encourage students to accept personal responsibility for their own learning and behaviour
- To help young people mature as responsible, active citizens
- To foster mutually trusting and supportive relationships between students, staff members and teachers

In order to effectively implement our objectives, these following rules have been agreed upon:

Irish

Our school is a Gaeltacht school. Everyone will speak Irish in the classroom, with the office staff, amongst themselves at school and at extra-curricular school events. We are, however, mindful of the High-Court Agreement signed on the 9 July 2009 regarding students who do not have enough fluency to participate in events fully in Irish.

Punctuality

- Students are obliged to be present in the classroom at 8.55 a.m. and 1.55 p.m.
- Classes begin at 9.00 a.m. in the morning and at 2.00 p.m. in the afternoon.
- Students must be on time for classes.
- If a student is late he/she must provide an explanation through the school App.
- During the day, students must make their way directly from one class to another without stopping at toilets, lockers or other places. Toilets and lockers are accessed before 9.00a.m., at break time (11.00-11.15) and at lunchtime (1.15-2.00). In an urgent case, a student can go to the toilets or lockers at the beginning of class with a card from the classroom teacher.
- “Detention” applies on Thursday after school for students who have been late regularly during the week. This is discussed with students and organised by the year heads.

Attendance

- It is of the utmost importance that students attend school every day so that they can reach their potential.
- Legal obligations will be applied in regards to Unexplained Absences, and Tusla will be informed when appropriate.
- Reason for student absences must be entered on the school App by Parent/Guardian.
- Students are not allowed to leave the school during the day except for exceptional reasons. Parent/Guardian must fill in a note on the school App in advance. Student must go to the school office to sign out/in.
- The appropriate book must be signed by a student leaving and returning to the school.
- Students who are ill are advised to stay at home from school.

Behaviour

“Respect, courtesy and politeness are the gold standard of this school”

- Students must always respect and be polite to the school community.
- It is expected that students fully co-operate at all times with the entire staff.
- From a health and safety point of view, it is essential that students follow staff directions.
- The use of bad language is forbidden.
- Students are not allowed to ruin the good name of Pobalscoil Chorca Dhuibhne. Good behaviour is essential during the school day and coming and going from school.
- Crudeness of any kind is not acceptable.
- Students are reminded that CCTV is in use in the school for the health and safety of students and staff.
- Students are not allowed to interfere with the property of other students.
- Each student is responsible for his/her own belongings. The school does not accept responsibility for belongings lost in school. Each student is assigned a locker to help them mind their belongings.
- Rubbish – Students must use the rubbish bins in the classroom and throughout the school. We encourage students to always be respectful of their environment.
- Students must have their School Diary with them at all times in school. The diary is essential to student organisation and is a means of communication between subject teachers and parents/guardians.

Behaviour in the classroom:

The classroom is a learning environment and good behaviour is expected there at all times.

- All students have the right to learn in the classroom without interference from anyone.
- Teachers have a right to teach in the classroom without interference from anyone.
- Students must adhere to the particular rules that hold in the classroom.
- At the beginning of each year, teachers will explain the classroom rules to all of his/her students.

School Uniform

The School Uniform should always be worn with pride. It demonstrates the identity of PCD and spirit of co-operation which is the bedrock of our school.

Official School Uniform:

Blue skirt or grey trousers

Blue school jumper

White school blouse/shirt

A white t-shirt (inside)

Black school shoes

Tights/black socks

Sports Uniform:

Runners

Shorts/tracksuit bottoms

Polo shirt/Sweatshirt

- Full uniform must be worn and skirts must be worn to the knee.
- Only the school uniform can be worn on the school premises.
- Jackets may not be worn in the classroom. Any coats or jumpers that are not part of the school uniform will be taken away and kept in the office until the end of the school day.
- The uniform must be worn while sitting school exams.
- For health and safety reasons, studs and jewellery are not allowed in P.E. classes.
- It is essential for students to have a sports uniform and they will not be allowed to participate in games in the hall without the appropriate uniform.
- All students are expected to participate in P.E. If a student cannot participate in P.E. he/she must bring a signed note from a parent/guardian.
- When students leave school early to attend extra-curricular activities they must wear the school uniform or the school sports uniform.

School Facilities and Equipment:

Students must respect school facilities and equipment. Graffiti, on the school building or equipment, is strictly forbidden.

No-one is allowed to interfere with safety equipment.

Bullying

Students have a right to attend school in an environment that is friendly, supportive, positive, safe and free from Bullying.

The school is utterly against any kind of Bullying, be it:

- Physical attacks
- Verbal
- Ostracism
- Damage to property or theft

Students should support one another and inform a teacher of any bullying that they know about. All information will be treated confidentially.

The School Anti-Bullying Policy is available in school, and is on the school website.

Chewing gum

Chewing gum damages school property, therefore – chewing gum is strictly forbidden. Students who are caught with chewing gum will be put “On detention” on Thursday after school.

Mobile phones - Yondr

We are all delighted with the advantages of mobile phones, but we also understand the challenges and the dangers associated with them. Therefore we are endeavouring to create a phone-free environment/zone in PCD.

Each student will receive a Yondr pouch. They will pay a deposit which is fully refundable at the end of the school year, provided the Yondr pouch is in good condition. There will be an annual fee also.

When students arrive at school, they will turn off their phones, put them into the Yondr pouch and close it. They will have their phones in their possession(in the pouch) at all times. If the phone is needed for educational purposes in the classroom, students will be able to use them, under supervision of the teacher.

Students will be able to open their Yondr pouches when they are going down town at lunch time and again at home time.

If a parent/guardian needs to get in touch with their child, in case of emergency, they can ring the office. Likewise, if a student needs to contact home, they should do so from the office.

Also forbidden during the school day are recording devices, personal stereos, MP3s, iPods, and personal radios.

Smoking

Tobacco is a dangerous substance which gravely damages health. Therefore, smoking and vaping are strictly prohibited during the school day and at school events. It is illegal to smoke or vape on school grounds, by law.

Alcoholic drinks and Addictive Substances

It is essential that all students adhere to the law regarding alcoholic drinks and drugs. The school expects that parents fully support this law and they are advised to always be vigilant.

It is important to stress that even outside school, the school authorities would be very unhappy with any display of bad behaviour which would call the school's name and reputation into disrepute.

Alcoholic drinks and other Addictive Substances are strictly forbidden.

Cars/Motorbikes

Students are not allowed to drive a car/motorbike within the school grounds at any time, for any reason. There is a car park on the Spa Road.

Homework

Homework is a very important part of the learning process for students. It is expected that students complete their homework accurately.

Homework comprises of written work, language work and reading.

The school's Homework Policy is available in school.

School Diary

The School Diary is an important link between home and school and so parents/guardians are advised to look at the Diary each week during the school term.

Students must have the Diary with them every day in school. This is not a personal diary and therefore only school notes should be written in it.

The Diary is used for:

- A Homework Diary
- Notes from parents/guardians giving written permission on particular occasions.
- Notes from teachers to parents/guardians regarding attendance, punctuality, behaviour and student progress. Parents/guardians will be expected to write a note for the following day.

Appendix 1

Consequences of Behaviour

Good behaviour

There are examples of good behaviour below and consequences that could follow. It is not a complete list and it may be added to or items may be removed from it as necessary.

Good behaviour (daily) <ul style="list-style-type: none">- punctuality- school uniform- homework- co-operation	<ul style="list-style-type: none">• Praise for the student• A note in the Diary• Freeing the student from homework
Good Behaviour (continued) <ul style="list-style-type: none">- the above points- students who don't have any notes of complaint- students who have improved Monthly recognition	<ul style="list-style-type: none">• As above• Sending a "Certificate" home to parents
Christmas Report	<ul style="list-style-type: none">• A further report on:<ul style="list-style-type: none">-punctuality-school uniform-homework-attendance in class
Recognition for the entire class <ul style="list-style-type: none">- The Junior Cycle class with the least yellow notes/notes of complaint each term- Particular co-operation from a class group	<ul style="list-style-type: none">• A prize for the whole class• An event for the whole class

<p>End of Year Prizes</p> <ul style="list-style-type: none"> - Give recognition to students who have done well during the year - Class Student, Irish, co-operation, attendance and prizes for extra-curricular activities 	<ul style="list-style-type: none"> • Individual prizes
<p>A Review of the Prefects System</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Attendant duties/privileges • Sports Prefects etc. with special duties

Yondr

To help us in the development of a phone-free culture, there will be repercussions for not adhering to the rules. Examples of these are, having an old phone in the pouch, not having the phone on silent mode, using a smart watch, and ‘leaving’ the pouch at home.

Step 1: The student must leave the phone in the office from 9:00 – 16:00 for a whole week.

Step 2: The student must leave the phone in the office from 9:00 – 16:00 for two weeks.

Step 3: The student must leave the phone in the office from 9:00 – 16:00 for two weeks. At this stage the parent/guardian must collect the phone from the office every evening at 16:00.

The parent/guardian will be contacted and informed at all of the above steps.

If the student chooses to leave the phone at home indefinitely, the student and the parent/guardian must complete a form available from the school. If the student brings the phone to school having completed this form, the phone will be confiscated and kept in the office for five school days.

Bad behaviour

Below are examples of bad behaviour and the consequences that might follow. It is not a complete list and it may be added to or items may be removed from it as necessary.

Minor infractions

- Not adhering to class policy
- Being late for class
- Talking, writing or sending notes during class
- Shouting or speaking out of turn

- Not having homework done, or copying homework
- Eating or drinking during class
- Not having the correct books/ equipment for class
- Not having the sports uniform for P.E. class
- Wearing make-up or inappropriate jewellery
- Not wearing the full and correct uniform

Consequences

- ❖ Verbally correcting the student
- ❖ Moving the student to another seat
- ❖ Writing a note in the Diary
- ❖ Sending a message home via diary or school App

Medium infractions

- Continued and persistent repetition of the minor infractions outlined above
- Not giving a satisfactory explanation for being absent
- Not sending an explanatory note to the office (for the files) for a planned absence
- Not being able to give the School Diary to a teacher when he/she asks for it
- Not signing in in the morning when arriving late, or not signing out when leaving the school for a doctor's or dentist's appointment or for any other reason.
- Rough behaviour or behaviour that is boisterous, impolite, insulting or disrespectful
- Using bad language in speech or in writing
- Graffiti or any minor damage to school property or the another person's property
- Continuing to disrupt a class in spite of a verbal warning
- Misuse of the School Diary e.g. for personal notes or comments or nasty messages
- Using a mobile phone at any time on school grounds
- Using a CD, iPod, MP3 or any such device, in class, during study or in exams
- Having anything in one's possession that would cause harm or damage
- Not following classroom procedures regarding keeping the classroom neat and free from litter
- Eating chewing gum as it can damage clothes, furniture and floor surfaces.

Consequences

- Speaking to the student
- Giving the student extra work
- Filling out a yellow form
- Filling out a 4 C form
- Putting the student "on detention" at lunchtime or on Thursday, as appropriate

- “Cárta Feabhais Iompair”
- Communicating with parents
- Not allowing the student to attend a school event
- Not allowing the student into classes (In-house Suspension)
- Bringing parents into the school to speak to them
- Discussing the student with the Principal/Vice-Principal
- If 2 stamps for being late or insufficient school uniform, then detention Thursday evening

Serious infractions

- ❖ Forged notes or signatures from parents
- ❖ Pretending a phone call was made by a parent/guardian, or organising such a phone call to be made
- ❖ Dishonesty or copying in an exam
- ❖ Skipping school/class or leaving school/class without permission during the school day
- ❖ Making racist comments
- ❖ Lying to a teacher/wasting a teacher’s time while he/she is trying to ascertain the truth
- ❖ Not complying with safety rules during an emergency drill or with any reasonable direction from a teacher
- ❖ Shouting at /answering back / showing disrespect to a staff member, verbally or in attitude or in gesture
- ❖ Challenging a teacher’s authority while he/she is correcting bad behaviour or applying sanctions
- ❖ Spoiling/seriously damaging or interfering with any school property or another person’s property
- ❖ Having or smoking cigarettes, lighters or matches

Consequences

- As above
- Community work (within the school community-opportunity to repay)
- Losing of privileges for a period of time as well as other sanctions
- Suspension. The Suspension Policy is available in the school.

Very serious infractions

- ✓ Bullying, intimidation or harassment of any sort; including through mobile phones, voice or text messages, internet sites etc.
- ✓ Using devices to photograph or record material that can be disseminated, and that attack personal privacy or that give the potential to bully, intimidate or harass.
- ✓ Physical violence or attack
- ✓ Theft
- ✓ Being in possession of or using alcohol or providing someone else with alcohol while at school or at school events

- ✓ Being in possession of or using any substance/apparatus that is illegal at school or at school events
- ✓ Interfering with the fire alarm system or fire extinguishers or any safety equipment

Consequences

- As above and
- Replacing stolen or damaged property
- Paying compensation
- Transferring from a position of responsibility
- Days doing community work
- If a recording/photographing device has been used it will be confiscated and will not be made available again until the end of the school year/three months (and other sanctions may be implemented as well)
- Suspension
- Expulsion

Expelling a student from school

In cases of exceptionally bad behaviour, a student may be expelled by the authority of the School's Board of Management. The Expulsion Policy is available in the school.